

CORK
AIRPORT

# Aerfort Chorcaí

Osclaíodh Aerfort Chorcaí den chéad uair riamh in 1961 agus é ar an dara aerfort idirnáisiúnta is mó sa tír agus níos mó rogha bealaí ann ná aon aerfort eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is é seo an geata idirnáisiúnta chuig Deisceart na hÉireann agus é suite go fíorspeisialta san áit a dtosaíonn Bealach Fiáin an Atlantaigh agus Oirthear Ársa na hÉireann.

Tairgeann an t-aerfort seirbhísí sceidealaithe agus cairtfhostaithe chuig breis is 50 ceann scríbe ar fud na Ríochta Aontaithe agus ar fud mhór-roinn na hEorpa. Tá gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag an tseirbhís do chustaiméirí (mar a vótáil paisinéirí) in Aerfort Chorcaí.

Osclaíodh an críochfort reatha in Aerfort Chorcaí i mí Lúnasa 2006 in áit cinn a bhí in úsáid le breis is 40 bliain.  Tá an críochfort 28,300 méadar cearnach ó thaobh limistéir agus tá sé deartha chun freastal ar suas le cúig mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana. Tá 30 deasc cláraithe ann agus trí chrios bagáiste isteach agus péire amach.

Tá Aerfort Chorcaí suite díreach ocht gciliméadar as lár Chathair Chorcaí ar an N27 nuair atá duine ag teacht ón tuaisceart, ón iarthar, nó ón taobh thoir de Chorcaigh agus amach den R600 agus tú ag teacht as Cionn tSáile.

Is cuid de Ghrúpa DAA é Aerfort Chorcaí, an comhlacht leathstáit tráchtála ar leis Aerfort Bhaile Átha Cliath freisin.




LAST CALL
LAST CALL


1



# An Timpeallacht & Inbhuanaitheacht

Tá Aerfort Chorcaí tiomanta go hiomlán do chaighdeáin comhshaoil a fhorbairt i ngach réimse dá ghnó d'fhonn a chinntiú go mbeidh saoráid aerfoirt ann atá sábháilte agus éifeachtúil. Cuirimid feasacht chomhshaoil chun cinn i measc na foirne ag Aerfort Chorcaí.

Tá foireann bhainistíochta an aerfoirt tiomanta a chinntiú go mbeidh gach fostaí ar an eolas faoinár dtreoirlínte comhshaoil. Tugtar oiliúint agus oideachas ábhartha d'fhoireann an aerfoirt go léir.

Is iad ár dtreoirphrionsabail leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí dlíthiúla agus féachaint le feabhas leanúnach a bhaint amach. Ina theannta sin, féachfaimid le tionchar a imirt ar thríú páirtithe a fheidhmíonn ar ár láthair chun gníomhú ar bhealach atá freagrach ar bhonn comhshaoil.

# Ár gClár Comhshaoil

D’fhonn freastal ar na héilimh a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus d’fhonn an timpeallacht nádúrtha a chosaint, thug Aerfort Chorcaí faoi Chlár Comhshaoil forleathan mar chuid dá Chóras Bainistíochta Comhshaoil. Tá sé sin dírithe ar chleachtais chomhshaoil a fheabhsú agus ar thruailliú a chosc agus é bunaithe ar na cuspóirí seo a leanas.

## Torann

Déanaimid iarracht oibriú i gcomhar le hionadaithe aerlínte, Údarás Eitlíochta na hÉireann agus cuideachtaí bainistíochta aerárthaí, chun an tionchar a bhíonn ag torann a bhaineann le haerárthaí a mhaolú don phobal laistigh de shrianta teicniúla, sábháilteachta agus srianta náisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais réasúnta.

## Cáilíocht an Aeir

Tá sé mar aidhm againn monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir ag Aerfort Chorcaí ar mhaithe le sláinte agus tairbhe na bpobal áitiúil agus na foirne de réir caighdeáin idirnáisiúnta agus riachtanais reachtúla.

## Cáilíocht an Uisce

Tá sé mar aidhm againn monatóireacht a dhéanamh ar chórais uisce (uisce óil, dromchla, fuíolluisce agus screamhuisce) ag Aerfort Chorcaí i gcoinne caighdeáin rialála agus gníomh leasúcháin iomchuí a ghlacadh nuair is gá.

## Bainistíocht Dramhaíola

Tá sé mar aidhm againn an méid dramhaíola a ghineann agus a láimhseálann Aerfort Chorcaí a théann chuig líonta talún a laghdú agus leibhéil athchúrsála a mhéadú. Tá sé mar aidhm againn freisin dramhaíl a dhiúscairt ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus de réir riachtanais reachtacha.

## Úsáid Fuinnimh

Tá sé mar aidhm againn úsáid éifeachtúil fuinnimh a chur chun cinn i ngach ceann dár gcuid gníomhaíochtaí ag Aerfort Chorcaí.

## Tionchar Físiúil

Tá sé mar aidhm againn an timpeallacht físiúil a fheabhsú ag Aerfort Chorcaí.

## Éiceolaíocht

Tá sé mar aidhm againn an éiceolaíocht áitiúil a chur chun cinn agus a chaomhnú agus na gnáthóga laistigh de i gcomhthéacs aerfort idirnáisiúnta atá ag forbairt.

## Oibreoirí, Tionóntaí agus Lamháltóirí

Bímid ag obair le hOibreoirí, Tionóntaí, Lamháltóirí agus le Conraitheoirí ag Aerfort Chorcaí lena chinntiú go mbeidh tionchar againn ar a mbíonn ar siúl acu.

# Creidiúnú Carbón Aerfoirt

## Athrú Aeráide

Gach bliain ó 2011 i leith, tá éirithe le hAerfort Chorcaí an creidiúnú stádas 'Laghdaithe' a bhaint amach faoi chlár Creidiúnú Carbón Aerfoirt de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta Aerfoirt.

Is é an Creidiúnú Carbón Aerfoirt an caighdeán Eorpach le haghaidh bainistiú carbóin agus laghduithe astaíochtaí ag aerfoirt. Fuair an clár deimhniúcháin seo, atá deartha go sonrach le haghaidh aerfort, tacaíocht fhorleathan agus moladh ó Chlár Comhshaoil an AE agus na NA araon.

Seoladh an clár i mí Meithimh 2009, tá ceithre leibhéal creidiúnú ag gabháil leis: mapáil, laghdú, optamú agus neodracht.

Is céim mhór chun cinn a bheith rannpháirteach sa Chlár Creidiúnú Carbón Aerfoirt ó thaobh Straitéis Inbhuanaitheachta foriomlán Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhrú chun cinn. Ciallaíonn creidiúnú Aerfort Chorcaí ar an leibhéal 'Laghdú' gur mhapáil an t-aerfort gach ceann de na foinsí astaíochta CO2 go léir atá faoina smacht díreach, ar láthair an aerfoirt agus gur éirigh leis freisin na hastaíochtaí CO2 sin a laghdú.

Is clár deimhniúcháin bliantúil é Creidiúnú Carbón Aerfoirt agus dá bhrí sin teastaíonn tiomantas leanúnach uaidh maidir le hinbhuanaitheacht agus feabhsúcháin leanúnacha ó bhliain go bliain.

# Urraíocht

Tá baint mhór ag Aerfort Chorcaí le raon leathan clubanna spóirt áitiúla agus tograí pobail i limistéar Bhaile Garbháin in aice láimhe i gCorcaigh.

Tá baint againn freisin le fada an lá le himeachtaí idirnáisiúnta a bhíonn ar siúl i gCorcaigh gach bliain cosúil le Paráid agus Lá Fhéile Pádraig, Spóirt Chathair Chorcaí, Féile Chórúil Idirnáisiúnta Chorcaí agus Féile Snagcheoil Chorcaí a bhfuil cáil uirthi ar fud an domhain mhóir.

Táimid mórtasach freisin go raibh baint againn le bunú Biúró Choinbhinsiún Chorcaí, a bunaíodh in 2007, chun tabhairt faoi thionscnaimh poiblíochta, agus chun turasóireacht ghnó a fhorbairt agus a chur chun cinn agus chun cabhair a thabhairt forbairt gheilleagrach a chur chun cinn i réigiún Chorcaí. Is tionscnamh é an Biúró a thugann Comhairle Chathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhlachas Chorcaí, Brainse Chorcaí de Chónaidhm Óstán na hÉireann, FáilteÉireann agus Aerfort Chorcaí le chéile.


Shop
&
Collect







